Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 22 Iúil 2024**
**(OR. en)**

**12503/24**
**ADD 1**

**ENT 140**
**MI 717**
**COMPET 817**
**CHIMIE 56**
**AGRI 583**
**SAN 460**
**DELACT 135**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 18 Iúil 2024 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | C(2024) 4826 final, ANNEXES |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINNÍ<br>a ghabhann le<br>Rialachán Tarmligthe ón gCoimisiún<br>lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/1009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le critéir in-bhithdhíghrádaitheachta le haghaidh oibreáin bhratúcháin agus polaiméirí coinneála uisce |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2024) 4826 final, ANNEXES.

---

Faoi iamh: C(2024) 4826 final, ANNEXES

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 15.7.2024
C(2024) 4826 final

ANNEXES 1 to 2

# IARSCRÍBHINNÍ

**a ghabhann le**

**Rialachán Tarmligthe ón gCoimisiún**

**lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/1009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le critéir in-bhithdhíghrádaitheachta le haghaidh oibreáin bhratúcháin agus polaiméirí coinneála uisce**

# IARSCRÍBHINN I

Leasaítear Cuid II, roinn ‘CMC 9: POLAIMÉIRÍ EILE SEACHAS POLAIMÉIRÍ COTHAITHEACHA’ d’Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1009 mar a leanas:

(1) i bpointe 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na foclaíochta réamhráití:

‘Féadfaidh polaiméirí a bheith i dtáirge leasacháin AE i gcás inarb é is aidhm do na polaiméirí na nithe seo a leanas a dhéanamh:’;

(2) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 2:

‘2. Ón 17 Deireadh Fómhair 2028, is éard a bheidh sna polaiméirí dá dtagraítear i bpointe 1(a) agus (b):

(a) polaiméirí ar toradh iad ar phróiseas polaiméirithe a tharla go nádúrtha, go neamhspleách ar an bpróiseas trínar eastóscadh iad, agus nach polaiméirí iad atá modhnaithe go ceimiceach de réir bhrí Airteagal 3, pointe (40), de Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006; nó

(b) polaiméirí atá in-bhithdhíghrádaithe i gcomhréir leis na critéir a leagtar amach i bhFoscríbhinn 1 a ghabhann leis an Iarscríbhinn seo.’;

(3) cuirtear isteach an Fhoscríbhinn 1 seo a leanas:

‘***Foscríbhinn 1***

**Critéir in-bhithdhíghrádaitheachta le haghaidh polaiméirí dá dtagraítear i roinn CMC 9, pointe 1(a) agus (b)**

1. Léireofar in-bhithdhíghrádaitheacht polaiméirí dá dtagraítear i roinn CMC 9, pointe 1(a) agus (b) sa dá urrann timpeallachta seo a leanas:

(a) Urrann 1: ithir; agus

(b) Urrann 2: fionnuisce, uisce inbhir nó uisce muirí.

2. Bainfidh an pholaiméir an méid seo a leanas amach:

(a) in urrann 1:

(1) díghrádú deiridh 90 % ar a laghad i gcoibhneas le díghrádú an ábhair thagartha laistigh de 48 mí móide an tréimhse feidhmiúlachta (FP) mar a shonraítear ar an lipéad; nó

(2) mianrú 90 % ar a laghad, arna thomhas mar $CO_2$ éabhlóidithe, thar uastréimhse 48 mí móide an tréimhse feidhmiúlachta (FP) mar a shonraítear ar an lipéad;

(b) in urrann 2, díghrádú deiridh i gcoibhneas le díghrádú an ábhair thagartha laistigh de 12 mhí mar a leagtar amach sa tábla seo a leanas:

| **Critéar arna mheasúnú** | **Critéar chun pas a fháil**<br>**(FP=0)** | **Critéar chun pas a fháil**<br>**(FP=mí amháin)** | **Critéar chun pas a fháil**<br>**(FP=2 mhí)** | **Critéar chun pas a fháil**<br>**(FP=3 mhí)** | **Critéar chun pas a fháil**<br>**(FP≥6 mhí)** |
|---|---|---|---|---|---|

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| Díghrádú sprice íosta tar éis 12 mhí | ≥ 43,8 % | ≥ 41,0 % | ≥ 38,1 % | ≥ 35,1 % | ≥ 25,0 % |

Maidir le tréimhsí feidhmiúlachta níos lú ná 6 mhí, seachas na cinn a leagtar amach sa tábla seo, ríomhfar na critéir chun pas a fháil trí úsáid a bhaint as an bhfoirmle um lobhadh easpónantúil seo a leanas:

$$TD12m = 1\text{-}exp(- \lambda *(12\text{-}FP))$$

i gcás inarb amhlaidh:

TD12m = an díghrádú sprice íosta tar éis 12 mhí (arna sloinneadh mar chéatadán)

$\lambda$ =an ráta díghrádaithe arna ríomh mar $\lambda = -\ln (0,1) / t90$,

t90 = an tréimhse le haghaidh bith-dhíghrádú 90 %, is é sin 48 mí,

FP = an tréimhse feidhmiúlachta (arna sloinneadh i míonna).

3. Chun na critéir in-bhithdhíghrádaitheachta i bpointe 2(a) a léiriú, úsáidfear ceann de na modhanna tástála seo a leanas:

(a) EN ISO 17556:2019. Plaistigh – In-bhithdhíghrádaitheacht aeróbach deiridh ábhar plaisteach in ithir a chinneadh tríd an éileamh ar ocsaigin i riospraiméadar nó an méid dé-ocsaíd charbóin atá éabhlóidithe a thomhas;

(b) ASTM D5988-96:2018. Modh Tástála Caighdeánach chun Bith-dhíghrádú Aeróbach Ábhar Plaisteach in Ithir a Chinneadh.

4. I gcás nach bhfuil aon trasdul céime (trasdul gloine nó trasdul leáite) idir 25°C agus 37°C, féadfar an teocht le linn tástála i gcomhréir le pointe 3(a) nó (b) a choigeartú ag 37°C.

I gcás den sórt sin, measfar an critéar ábhartha i bpointe 2(a) a bheith léirithe má bhaineann an pholaiméir an méid seo a leanas amach:

(a) ar a laghad 45 % díghrádú deiridh nó mianrú dá dtagraítear i bpointe 2(a) i dtástáil ar leithligh ag 25°C laistigh de 20 mí, tástáil trína ndéanfar dul chun cinn maidir le díghrádú nó mianrú, agus nach mbeidh an chéim léibhinn bainte amach, mura mbeidh ar a laghad 90 % díghrádú nó mianrú ann; agus

(b) ceann amháin de na critéir seo a leanas:

(i) díghrádú deiridh 90 % ar a laghad i gcoibhneas le díghrádú an ábhair thagartha laistigh de 20 mí móide an tréimhse feidhmiúlachta mar a shonraítear ar an lipéad; nó

(ii) mianrú 90 % ar a laghad, arna thomhas mar $CO_2$ éabhlóidithe, thar uastréimhse 20 mí móide an tréimhse feidhmiúlachta mar a shonraítear ar an lipéad.

5. Chun na critéir in-bhithdhíghrádaitheachta i bpointe 2(b) a léiriú, úsáidfear ceann de na modhanna tástála seo a leanas:

(a) EN/ISO 14851:2019 In-bhithdhíghrádaitheacht aeróbach deiridh ábhar plaisteach i meán uiscí a chinneadh. Modh tríd an éileamh ar ocsaigin i riospraiméadar dúnta a thomhas;

(b) EN/ISO 14852:2021. In-bhithdhíghrádaitheacht aeróbach deiridh ábhar plaisteach i meán uiscí a chinneadh. Modh trí anailís a dhéanamh ar dhé-ocsaíd charbóin éabhlóidithe;

(c) ASTM D6691:2018 Modh Tástála Caighdeánach chun Bith-dhíghrádú Aeróbach Ábhar Plaisteach sa Mhuirthimpeallacht a Chinneadh ag Cuibhreannas Miocróbach Sainithe nó Ionaclam Uisce Mara Nádúrtha.

6. Maidir le polaiméirí dá dtagraítear i roinn CMC 9, pointe 1(a), déanfar an tástáil ar ábhar ina bhfuil na nithe seo a leanas:

(a) an pholaiméir nó na polaiméirí atá i gcáithníní nó lena dtógtar bratú leanúnach ar cháithníní ('cáithníní polaiméire') atá inchomparáide i dtéarmaí comhdhéanaimh, foirme, méide agus achair dromchla leis an oibreán bratúcháin atá i dtáirge leasacháin AE;

(b) an bratú scoite; nó

(c) an pholaiméir nó na polaiméirí san fhoirm a chuirtear ar an margadh ina gcuirtear ábhar támh amhail gloine in ionad croí an ábhair.

7. Maidir le polaiméirí dá dtagraítear i roinn CMC 9, pointe 1(b), déanfar an tástáil ar ábhar ina bhfuil an pholaiméir san fhoirm a chuirtear ar an margadh.

8. Féadfar na hábhair seo a leanas a úsáid mar ábhair thagartha:

(a) rialuithe dearfacha: ábhair in-bhithdhíghrádaithe amhail púdar ceallalóis mhicricriostalta, scagairí ceallalóis gan luaith nó pola-β-hiodrocsabútaráit;

(b) rialuithe diúltacha: polaiméirí nach bhfuil in- bhithdhíghrádaithe amhail poileitiléin nó polaistiréin.'.

## IARSCRÍBHINN II

Leasaítear Cuid I d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1009 mar a leanas:

(1) i bpointe 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad fhophointe (f):

'(f) maidir le táirgí ina bhfuil polaiméir dá dtagraítear i gCuid II, roinn CMC 9, pointe 1(a) nó (b), d'Iarscríbhinn II:

(i) an tréimhse ama tar éis úsáide a bhfuil an scaoileadh cothaitheach á rialú lena linn nó a bhfuil acmhainneacht coinneála uisce á méadú lena linn (an 'tréimhse feidhmiúlachta'), nach mbeidh níos faide ná an tréimhse idir dá leathadh i gcomhréir leis na treoracha úsáide dá dtagraítear i bpointe (d) den phointe seo;

(ii) treoir maidir leis an táirge a chur i gcomhréir leis na criosanna maolánacha a cheanglaítear do tháirgí leasacháin i gcomhréir leis na rialacha náisiúnta ábhartha nó, in éagmais rialacha den sórt sin, an táirge a chur ar a laghad 3 m ó aon chóras uiscí dromchla;';

(2) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 7:

'7. Tabharfar treoir don úsáideoir deiridh gan an táirge a úsáid i dteagmháil le hithir, agus i gcomhar leis an monaróir, chun diúscairt fhónta an táirge a áirithiú tar éis dheireadh na húsáide i gcás inar fíor an méid seo a leanas maidir le táirge leasacháin AE:

a. is meán fáis é dá dtagraítear i gCuid II, roinn PFC 4, pointe 2a, d'Iarscríbhinn I; nó

b. tá polaiméir ann arb é is cuspóir dó ábhar a cheangal sa táirge dá dtagraítear i gCuid II, roinn CMC 9, pointe 1(c) d'Iarscríbhinn II, nach gcomhlíonann aon cheann de na ceanglais i gCuid II, roinn CMC 1, pointe 1(f)(i), (ii), (iii) nó (iv) den Iarscríbhinn sin.'.